Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2026
(OR. en)

10642/1/26
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0319 (COD)

CODEC 1202
AGRI 505
AGRIORG 80
AGRIFIN 122
AGRILEG 161

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 10 Nollaig 2024, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 42, an chéad mhír, agus ar Airteagal 43(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 27 Márta 2025[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 15 Bealtaine 2025[3].

4. An 16 Meitheamh 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

---

[1] 16779/24 + REV 1 + REV 1 ADD 1.
[2] IO C, C/2025/2969, 16.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2969/oj.
[3] IO C, C/2025/3479, 16.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3479/oj.
[4] 10300/26.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 21/26 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Laitvia, an Ísiltír agus an tSualainn ag vótáil ina choinne, agus an Danmhairg agus an Eastóin ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.